Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0264(COD)**
**2013/0186(COD)**

**9162/21**
**ADD 3**

**AVIATION 134**
**CODEC 772**
**IA 101**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 8419/21 ADD1-3 + ADD1COR1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10840/20 + ADD 1, ST 10841/21 + COR 1, ST 11020/20 |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs an Ráitis 2004 ó na Ballstáit maidir le saincheisteanna míleata a bhaineann leis an Aerspás Eorpach Aonair dá dtagraítear in aithris 8 den téacs comhréitigh (9162/21 ADD 1).

**RÁITEAS Ó NA BALLSTÁIT AR SHAINCHEISTEANNA MÍLEATA A BHAINEANN LEIS AN AERSPÁS EORPACH AONAIR**

Dearbhaíonn na Ballstáit,

— ag cur san áireamh dóibh nach bhfuil feidhm ag na Rialacháin arb aidhm dóibh an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú ach maidir le gnáth-aerthrácht agus nach gcumhdaítear leo oibríochtaí míleata ná oiliúint mhíleata,

— ag deimhniú dóibh an gá leis an gcreat reachtach don Aerspás Eorpach Aonair a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach comhsheasmhach, agus na riachtanais maidir le beartas cosanta agus slándála náisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta á gcur san áireamh acu ina n-iomláine,

— agus iad deimhin de nach bhfuil ach aon dóigh amháin ann leis an aerspás a úsáid ar bhealach sábháilte éifeachtúil, is é sin trí dhlúthchomhar idir úsáideoirí sibhialta agus úsáideoirí míleata an aerspáis, bunaithe den chuid is mó ar choincheap na húsáide solúbtha aerspáis agus ar chomhordú éifeachtach idir lucht sibhialta agus lucht míleata mar atá leagtha síos ag ICAO,

1. go rachaidh siad i gcomhar le chéile, agus ceanglais mhíleata náisiúnta á gcur san áireamh acu, d'fhonn go gcuirfidh gach úsáideoir aerspáis coincheap na húsáide solúbtha aerspáis i bhfeidhm go hiomlán agus go haonfhoirmeach i ngach Ballstát;

2. go n-áiritheoidh siad go gcuirfear leasanna úsáideoirí míleata aerspáis de chuid na mBallstát san áireamh, i gcás inarb ábhartha, i bpróiseas forbartha iomlán, i bpróiseas cinnteoireachta iomlán agus i gcur chun feidhme iomlán an Aerspáis Eorpaigh Aonair, lena n-áirítear Coiste an Aerspáis Aonair a bunaíodh faoi Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 (an Creat-Rialachán);

3. go n-áiritheoidh siad, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh pearsanra míleata rannpháirteach san obair atá á déanamh ag eagraíochtaí aitheanta a bunaíodh faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí);

4. go gcuirfidh siad san áireamh, maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht aerthráchta, an ríthábhacht atá le Eurocontrol;

5. go gcuirfidh siad feabhas ar an gcomhar idir lucht sibhialta agus lucht míleata agus, má mheasann na Ballstáit uile lena mbaineann go bhfuil gá leis agus a mhéid a mheasann siad a bhfuil gá leis,

— go n-éascóidh siad comhar idir a bhfórsaí armtha maidir le gach ábhar a bhaineann le bainistíocht aerthráchta, ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar na riachtanais ábhartha i dtaca le cur chun feidhme an chreata rialála le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair;

— agus an cuspóir creat rialála le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bhunú roimh an 31 Nollaig 2004 á chur san áireamh, go gcruthóidh siad na socruithe is gá chun tacú le comhar míleata den chineál sin chun a áirithiú go gcuirfear ceanglais eacnamaíocha, slándála agus chosanta san áireamh go cothrom.